

## Aidhmeanna na hAcmhainne Foghlama

### Achmhainní foghlama ar líne ó Áras Stair na hEorpa:

#### Breathnaigh ar theachtaireachtaí lárnacha ó Áras Stair na hEorpa (HEH)

Cé go bhfuil Áras Stair na hEorpa suite sa Bhruiséil, is é an réimse freagrachtaí atá air ná freastal ar dhaoine eile san Eoraip agus ar fud an domhain. Tá ról lárnach ag na hacmhainní foghlama ar líne toisc go dtugann siad an deis do mhúinteoirí agus do dhaltáí ar fud na Eorpa úsáid a bhaint as an ábhar ó HEH gan gá dóibh cuairt a thabhairt ar an músaem féin. Tugtar níos mó sonraí sna hacmhainní foghlama ar líne ar na topaicí a ndéantar trácht orthu sa mhúsaem. Baintear é seo amach le ceisteanna a spreagann machnamh agus le cur chuige trasnáisiúnta a bhaineann úsáid as samplaí Eorpacha agus domhanda.

#### Ag baint triail as cur chuige trasdisciplíneach

Tá na hacmhainní foghlama leagtha amach agus curtha ar fáil ar shlí chun go mealltar an méid is mó múinteoirí atá ag obair i réimsí difriúla, bíodh sé sa stair, i léann an chultúir, sa tsaoránacht, sa tsocheolaíocht, sa staideár ar na meáin nó sa tíreolaíocht. Cludaíonn na heilimintí sna coda indibhidiúla a lán réimsí le go bhféadann na múinteoirí na coda is oiriúnaí dóibh féin a roghnú.

#### Tosaigh leis an gcás comhaimseartha nó leis an bhfadhb chomhaimseartha.

‘Cén fáth a bhfuil sé seo bainteach liom?’; ‘cén fáth ar chóir dom é seo a fhoghlaim?’: seo iad an sórt ceisteanna a chuireann daltaí orthu féin agus is pointe tosaigh é d’obair an teagascóra a úsáideann ábhar HEH. Tá sé seo nasctha go láidir leis an gcoincheap oideachais ‘scafalra’ ina ndéantar an cas go bhfuil sé riachtanach an t-eolas agus an taithí atá ag na foghlaimeoirí cheana féin a cheangal lena saol laethúil sula gcuirtear coincheapa níos casta os a gcomhair amach.

#### Bain úsáid as comhthéacs stairiúil chun tacú leis na ceisteanna agus fadhbanna comhaimseartha.

Ós rud é go bhfuil an fócas ar an domhan comhaimseartha agus ar shaincheisteanna san am atá le teacht, úsáidtear foinsí stairiúla chun tacaíocht a thabhairt don fhoghlaimeoir a fháil amach go bhféadfadh sé tarlú uaireanta go bhfuil baint níos mó ag eachtraí agus feiniméin an lae inniu leis an am a chuaigh thart. Baintear úsáid as samplaí stairiúla sa chleachtadh chun ‘comparáid agus codarsnacht’ a dhéanamh idir cásanna samplacha ón lá atá inniu ann. Tugann sé seo comhthéacs níos fairsinge trí na foinsí difriúla a úsáid. Chomh maith leis sin, cruthóidh samplaí stairiúla ‘bearna’ idir na daltaí agus an t-ábhar íogair atá faoi chaibidil.

#### Tabhair plé uileghabhálach thar théamaí

An cur chuige foghlama in ábhar HEH, tá sé bunaithe ar théamaí forleathana seachas mionscrúdú a dhéanamh ar réimsí ar leith i gcomhthéacs stairiúil a d’fhéadfaí a dhéanamh sa seomra ranga nó a bheadh le fáil i dtéacsleabhar scoile. Leis na ceisteanna agus leis an úsáid trasnáisiúnta a dhéantar de shamplaí agus acmhainní, féachtar leis na múinteoirí a spreagadh le go bhfeicfidh siad conas a mhúinfidís réimse ar leith ar shlí a théann níos faide ná saincheisteanna náisiúnta amháin.

#### Cur chuige ina dtugtar seans d’fhoghlaimeoirí ciall a bhaint as ábhar dóibh féin

Is í aidhm foghlama an ábhair ó HEH ná rannchuidiú le scileanna agus cumas an foghlaimeora sa 21<sup>ú</sup> haois a fhorbairt, i.e. foghlaimeoirí cumasacha a sholáthair atá ábalta smaoineamh agus ceistiú go neamhspleách. Ciallaíonn sé sin gur gá do na hacmhainní cabhrú leis na foghlaimeoirí machnamh a dhéanamh ar a bhfuil bainte amach acu, labhairt le chéile, comparáid agus codarsnacht a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas acu, agus na scileanna seo a úsáid agus iad ag déileáil le comhthéacsanna eile.